Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Lúnasa 2021**
**(OR. en)**

**11275/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0272(NLE)**

**TRANS 502**
**COWEB 93**
**ELARG 45**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 479 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 479 final.

Faoi iamh: COM(2021) 479 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.8.2021
COM(2021) 479 final

2021/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach, coiste a bunaíodh faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i ndáil le cinneadh faoi bhuiséad 2022 an Chomhphobail Iompair a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

Is é is aidhm don Chonradh Comhphobal Iompair a chruthú i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus de mhuiriompar, agus chun gréasán iompair a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa. Tháinig an Conradh um an gComhphobal Iompair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chonradh um an gComhphobal Iompair[1].

### 2.2. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 den Chonradh um an gComhphobal Iompair. Tá sé freagrach as riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha um an gComhphobal Iompair. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear sa Chonradh um an gComhphobal Iompair. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé beart de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh um an gComhphobal Iompair a athbhreithniú,

(d) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(e) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(f) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

(g) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(h) glacann sé buiséad bliantúil an Chomhphobail Iompair,

(i) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(j) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

(k) glacann sé prionsabail ghinearálta sa réimse a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh um an gComhphobal Iompair nó a bunaíodh faoin gConradh sin,

---

1 Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

(l) glacann sé tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta faoi chur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh;

(m) i leith gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i dtaca le trasuí na ngníomhartha sin a dhéanfaidh Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Tá ionadaí agus ionadaí malartach de gach Páirtí Conarthacha ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí.

Is d'aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

In 2021, ag an seisiún deireanach a bheidh ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, tá sé le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe buiséad bliantúil an Comhphobail Iompair a chinneadh le haghaidh 2022.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Conradh um an gComhphobal Iompair, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: Beidh cinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Aon uair a bheidh ceanglas i gcinneadh a dhéanfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach go ndéanfaidh Páirtí Conarthach gníomhaíocht, déanfaidh an Páirtí sin na bearta is gá agus cuirfidh sé an Coiste Stiúrtha Réigiúnach ar an eolas ina leith sin.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leagtar amach an ranníocaíocht a chuirfear i mbuiséad an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh um an gComhphobal Iompair. Is é 80 % an sciar den bhuiséad a sholáthróidh an tAontas Eorpach agus soláthróidh páirtithe na mBalcán Thiar an 20 % atá fágtha.

Le haghaidh 2021, is é **EUR 3 milliún** méid iomlán an bhuiséid, buiséid a bhfuarthas **EUR 2,4 milliún** (80 %)[2] de ón Aontas Eorpach agus **EUR 0,6 milliún** ó pháirtithe na mBalcán Thiar.

Le haghaidh 2022, moltar gurb é a bheidh sa bhuiséad cothrom le **EUR 3,002 milliún**, gur ón Aontas Eorpach a thiocfaidh 80 % de na creidmheasanna nua **(EUR 2,401 milliún)** agus gur ó pháirtithe na mBalcán Thiar a thiocfaidh an 20 % atá fágtha de na creidmheasanna nua **(EUR 0,6 milliún)**.

Leis an méid sin cumhdófar costais reatha na Buanrúnaíochta agus eagrú chruinnithe chomhlachtaí éagsúla an Chomhphobail Iompair. Tá údar cuí leis an méadú atá beartaithe mar go bhfuiltear chun foireann bhreise a earcú amach anseo, mar gheall go bhfuil sé beartaithe cruinnithe na gcoistí teicniúla a eagrú níos minice, mar gheall ar cheannach an trealaimh agus na mbogearraí TF atá riachtanach, agus an taisteal níos minice a pleanáladh a dhéanfaidh an Stiúrthóir agus oifigigh na Buanrúnaíochta. Meastar gurb é 2022 an dara bliain de ghnáthghníomhaíocht na Buanrúnaíochta, bliain a bheidh an fhoireann bhainistíochta agus an fhoireann neamhbhainistíochta uile ann, agus a bheidh an príomhchreat riaracháin i bhfeidhm. De réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ceanncheathrú idir an

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 25.6.2020, C(2020) 4356

Comhphobal Iompair agus an tSeirbia, soláthraíonn an tSeirbia, an tír óstach, oifigí na Buanrúnaíochta agus cuid den trealamh agus de na seirbhísí a bhaineann leis na hoifigí sin (troscán, slándáil, leictreachas, uisce agus glantachán) saor in aisce.

Is gá an Choiste Stiúrtha Réigiúnach an cinneadh seo a ghlacadh ar mhaithe le cur chun feidhme an Chonartha um an gComhphobal Iompair agus feidhmiú na Buanrúnaíochta.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí leis an nós imeachta

*4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'.[3]

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

*Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Conradh um an gComhphobal Iompair, é an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh a iarrtar ar an gCoiste Riaracháin a ghlacadh. I gcomhréir le hAirteagal 35 den Chonradh, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh agus tá an cinneadh sin ceangailteach ar na páirtithe sa Chonradh. De thoradh a gcineáil agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá eilimintí sa ghníomh seo a dhéanann difear do sheasamh dlíthiúil na bpáirtithe sa Chonradh agus, dá bhrí sin, don Aontas freisin. Dá bharr sin, ní mór é a mheas gur gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlí aige. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chonartha. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

---

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha atá beartaithe, tá siad riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Conradh um an gComhphobal Iompair mar is cuí. Dá réir sin, leis an gConradh, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus freisin i réimse an iompair de mhuir, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus tá comhpháirteanna den Chonradh maidir leis na réimsí sin. Ós gníomh cothrománach é, baineann an gníomh atá beartaithe leis na nithe sin uile. Tá na heilimintí sin uile i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith tánaisteach leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe: Airteagail 91 agus 100(2) CFAE.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagail 91 agus 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 5. Foilsiú an ghnímh atá beartaithe

I gcomhréir le hAirteagal 25(2) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, foilseofar na cinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2021/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("Conradh um an gComhphobal Iompair") i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937[4] ón gComhairle. An 4 Márta 2019 formheasadh é thar ceann an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[5]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 den Chonradh um an gComhphobal Iompair, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ("an Coiste Stiúrtha") le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. De réir Airteagal 35 den Chonradh um an gComhphobal Iompair, tugtar de chumhacht freisin don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair do 2022 le linn a chruinnithe i mí na Nollag 2021.

(4) Tá gá le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 atá beartaithe ionas go bhfeidhmeoidh comhlachtaí an Chomhphobail Iompair go cuí. Cumhdaítear leis na costais le haghaidh acmhainní daonna, taistil, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil amhail staidéir, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú, ós rud é go bhfuil cinneadh den sórt sin riachtanach d'fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus beidh éifeachtaí dlíthiúla aige i leith an Aontais,

---

[4] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an Dé Máirt 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[5] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/392 an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2022 bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghabhann leis an gCinneadh seo..

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*